C/2023/1084

15.12.2023

P9_TA(2023)0194

An tionchar a bheidh ag méadú ar chostais iasachtaíochta Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh ar bhuiséad 2024 an Aontais Eorpaigh

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Bealtaine 2023 ar an tionchar a bheidh ag méadú ar chostais iasachtaíochta Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh ar bhuiséad 2024 an Aontais Eorpaigh (2023/2037(BUI))

(C/2023/1084)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint d'Airteagal 314 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

— ag féachaint d'Airteagal 106(a) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

— ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 14 Márta 2023 maidir leis na treoirlínte buiséid le haghaidh 2024,

— ag féachaint do rún uaithi an 15 Nollaig 2022 dar teideal 'Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027 a uas-scálú: buiséad athléimneach AE a bheidh oiriúnach do dhúshláin nua' ([1]),

— ag féachaint do rún uaithi an 22 Samhain 2022 maidir le cur chun feidhme na straitéise iasachtaíochta chun NextGenerationEU, ionstraim téarnaimh an Aontais, a mhaoiniú ([2]),

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 do ([3]) , agus do na dearbhuithe comhpháirteacha a comhaontaíodh idir an Pharlaimint, an Chomhairle agus an Coimisiún sa chomhthéacs sin ([4]) agus na dearbhuithe aontaobhacha gaolmhara ([5]),

— ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha agus maidir le bainistíocht fhónta airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach ([6]),

— ag féachaint do Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom (Cinneadh maidir le hAcmhainní Dílse) ([7]),

— ag féachaint do thogra ón gCoimisiún an 22 Nollaig 2021 le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh (COM(2021)0570) agus do sheasamh na Parlaiminte an 23 Samhain 2022 ina leith ([8]),

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh chun tacú le téarnamh tar éis ghéarchéim COVID-19 ([9]),

— ag féachaint do bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh do bhliain airgeadais 2023 ([10]) agus do na ráitis chomhpháirteacha ón bParlaimint, ón gComhairle agus ón gCoimisiún agus don ráiteas ón gCoimisiún atá i gceangal leis,

— ag féachaint do Riail 93 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Buiséid (A9-0163/2023),

([1]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0450.
([2]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0400.
([3]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11.
([4]) IO C 444 I, 22.12.2020.
([5]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0357.
([6]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.
([7]) IO L 424, 15.12.2020, lch. 1.
([8]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0404.
([9]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 23.
([10]) IO L 58, 23.2.2023.

A. de bhrí, de bhun Airteagal 311 CFAE, nach mór don Aontas na hacmhainní is gá a sholáthar dó féin chun a chuspóirí a bhaint amach agus a chuid beartas a chur i gcrích;

B. de bhrí go ndearnadh EUR 12,9 billiún i bpraghsanna 2018 (EUR 15 bhilliún i bpraghsanna reatha) a chlársceidealú i gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) 2021-2027 thar an tréimhse 7 mbliana chun na costais iasachtaíochta a bhaineann le hIonstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI) a chumhdach; de bhrí go raibh an figiúr sin bunaithe ar thoimhde go dtiocfadh méadú de réir a chéile ar rátaí úis d'iasachtaí ó 0,55 % in 2021 go 1,15 % in 2027;

C. de bhrí, faoi CAI 2021-2027, go bhfuil aisíocaíocht chostais iasachta EURI faoi réir na huasteorann caiteachais i gCeannteideal 2b (Athléimneacht agus Luachanna), in éineacht le cláir shuaitheanta amhail Erasmus+, EU4Health, an clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna agus Eoraip na Cruthaitheachta;

D. de bhrí gur cuireadh straitéis iasachtaíochta EURI chun feidhme go héifeachtach; de bhrí go bhfuil cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, a thosaigh i mí Feabhra 2022, tar éis dlús a chur leis an mboilsciú, rud a spreag freagairt frithbhoilscithe ón mBanc Ceannais Eorpach agus méadú suntasach comhfhreagrach ar rátaí úis, atá anois os cionn 3 %, agus dá bhrí sin ar chostais iasachtaíochta EURI;

E. de bhrí, gan gníomhaíocht phras trí athbhreithniú a dhéanamh ar an CAI, gur dócha go rachaidh na costais mhéadaithe aisíocaíochta EURI thar na corrlaigh atá ar fáil sa bhuiséad; de bhrí go bhfuil gá le gníomhaíocht phráinneach chun staid a sheachaint a d'fhágfadh go mbeadh gá le húsáid a bhaint as an gcuid is mó de na hacmhainní atá ar fáil, murach na hacmhainní uile, faoin Ionstraim Sholúbthachta agus faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair in 2023 agus 2024; de bhrí go bhfuil iasachtaíocht EURI comhchruinnithe in 2022 agus 2023, agus costais aisíocaíochta clársceidealaithe i bhfad níos airde sa dara leath de thréimhse CAI, rud a chiallaíonn go mbeidh tionchar suntasach ag rátaí úis níos airde ná a tuaradh ar chostais absalóideacha idir 2025 agus 2027;

F. de bhrí gur chomhaontaigh an Pharlaimint, an Chomhairle agus an Coimisiún, agus comhaontú CAI á ghlacadh acu, nach mór go mbeadh sé d'aidhm ag caiteachas lena gcumhdaítear costais mhaoiniúcháin EURI gan cláir agus cistí an Aontais a laghdú;

G. de bhrí, sa treochlár atá ceangailteach ó thaobh dlí i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach, go n-aithníonn na trí institiúid go bhfuil feabhas a chur ar inchreidteacht agus; inbhuanaitheacht phlean aisíocaíochta EURI ag brath ar acmhainní dílse nua leordhóthanacha a thabhairt isteach; de bhrí go bhfuil an cinneadh maidir leis an gcéad chiseán d'acmhainní dílse nua fós ar feitheamh sa Chomhairle; de bhrí nach mór an chéad chiseán a chomhlánú le tograí le haghaidh dara baisc d'acmhainní dílse chun leibhéal foriomlán iontaofa agus leordhóthanach ioncaim breise a áirithiú, lena n-áirítear costais iasachtaíochta EURI a chumhdach;

1. á chur i bhfios go láidir go gcomhlíonfaidh an tAontas a oibleagáid dhlíthiúil go hiomlán na costais iasachtaíochta a bhaineann le EURI a aisíoc, is cuma cén rud a tharlóidh amach anseo; á mheabhrú go gciallaíonn an cinneadh uasteorainn na n-acmhainní dílse a mhéadú 0,6 % den ollioncam náisiúnta go mbeidh buiséad an Aontais in ann costais iasachtaíochta EURI a chumhdach go compordach;

2. á thabhairt faoi deara, agus imní ag dul i méid uirthi faoi, gur dócha nach mbeidh na méideanna atá clársceidealaithe chun costais iasachtaíochta EURI a aisíoc leordhóthanach, go háirithe in 2023 agus 2024, agus, de réir mar atá cúrsaí faoi láthair, go bhfuil corrlaigh neamh-leithdháilte faoi fhormhór na n-uasteorainneacha caiteachais an-teoranta nó go hiomlán in easnamh;

3. á áitiú, arís, nach mór don Choimisiún faisnéis thráthúil mhionsonraithe a chur ar fáil d'údarás buiséadach an Aontais maidir leis na ríomhanna atá mar bhonn taca leis na réamhaisnéisí do chostais iasachtaíochta EURI suas go dtí 2027, lena n-áirítear na toimhdí agus na paraiméadair a úsáideadh; ag teacht leis an iarraidh ón gComhairle ar thrédhearcacht agus infheictheacht iomlán maidir le EURI agus leis an iarraidh ar an gCoimisiún an fhaisnéis ábhartha uile a chur ar fáil, lena n-áirítear táblaí achoimre maidir le leithreasuithe buiséadacha;

4. á chur in iúl gur cúis mhór imní di, gan an ghníomhaíocht is gá a dhéanamh, gur dócha go gcuirfidh na costais mhéadaitheacha iasachtaíochta EURI teorainn dhocht le cumas bhuiséad an Aontais tosaíochtaí agus beartais an Aontais a mhaoiniú agus freagairt ar riachtanais atá ag teacht chun cinn; á chur i bhfios go láidir go dtagann an tionchar sin sa bhreis ar éifeacht an bhoilscithe aird, lena laghdaítear luach fíorthéarma bhuiséad AE; á chur i bhfios go láidir go gciallaíonn an tionchar comhcheangailte gur lú is féidir le buiséad an Aontais aghaidh a thabhairt ar riachtanais daoine agus dul i ngleic leis na dúshláin atá le sárú ag an Aontais;

5. á chur i bhfáth go bhfuil gá le gníomhaíocht phráinneach trí athbhreithniú ar CAI chun cás a sheachaint ina bhféadfadh méadú ar chostais iasachtaíochta EURI an tsolúbthacht agus na hIonstraimí Corrlaigh Aonair a ídiú in 2023 agus in 2024; ag cur béim ar an bhfíoras nach amháin go gcuirfeadh neamhghníomh srian le cumas an Aontais freagairt ar riachtanais agus ar ghéarchéimeanna atá ag teacht chun cinn – laistigh den Aontas agus lasmuigh de – ach freisin go mbeadh sé dodhéanta tionscnaimh nua thábhachtacha a mhaoiniú, amhail an Gníomh Eorpach um Shliseanna atá beartaithe, gan na cláir nó na cistí riachtanacha atá ann cheana a chiorrú; á chur i bhfáth go mbeadh sé sin ina shárú de facto ar ghealltanas na dtrí institiúid gan cláir nó cistí an Aontais a laghdú;

6. á mheabhrú gur beartaíodh sa treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach an chéad bhaisc d'acmhainní dílse a thabhairt isteach i mí Eanáir 2023, tar éis plé a dhéanamh sa Chomhairle i mí Iúil 2022 ar a dhéanaí; á chur i bhfáth nach féidir glacadh leis an mainneachtain sin cloí leis an treochlár; á iarraidh ar an gComhairle, dá bhrí sin, na leasuithe is gá ar an gCinneadh maidir le hAcmhainní Dílse a ghlacadh gan a thuilleadh moille; á iarraidh ar an gCoimisiún tograí a chur ar aghaidh le haghaidh an dara ciseán d'acmhainní dílse nua a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná an tríú ráithe de 2023;

7. á chur i bhfios, thairis sin, go bhfuil costais aisíocaíochta EURI faoi réir dálaí margaidh agus go mbíonn tionchar ag tosca seachtracha orthu agus, dá bhrí sin, go bhfuil siad luaineach ó nádúr; á chur i bhfios go láidir go bhfuil an aisíocaíocht fiachais de chineál neamh-lánroghnach freisin agus, dá bhrí sin, go mbeadh sí contrártha leis an gcaiteachais sin mar atá go hiarbhír dá gcuirfí faoi réir uasteorainn í laistigh de cheannteideal CAI; á mheabhrú, dá bhrí sin, éilimh na Parlaiminte i gcaibidlíocht CAI go gcuirfí costais aisíocaíochta EURI os cionn na n-uasteorainneacha chun brú ar CAI a laghdú, chun cistiú do chláir a comhaontaíodh cheana a choimirciú agus chun saoirse leordhóthanach a áirithiú faoi na huasteorainneacha chun tionscnaimh nua a mhaoiniú;

8. á chur i bhfios go láidir nach leor cheana na hacmhainní atá ar fáil sna corrlaigh faoi uasteorainneacha CAI agus trí ionstraimí speisialta mar thoradh ar an iliomad géarchéimeanna agus tionscnaimh nua ó thús CAI reatha agus go méadaítear na heasnaimh sin mar thoradh ar chostais mhéadaithe iasachtaíochta EURI;

9. á iarraidh an athuair, dá bhrí sin, go ndéanfaí athbhreithniú práinneach agus uaillmhianach ar CAI; á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ollstruchtúr agus an maoiniú is gá a chur san áireamh ina thogra le haghaidh an athbhreithnithe sin chun costais aisíocaíochta EURI a bhainistiú go héifeachtach, agus na leibhéil chistiúcháin is gá do chláir agus do bheartais á gcaomhnú ag an am céanna agus a áirithiú go mbeidh dóthain acmhainní ag an mbuiséad agus go mbeidh sé solúbtha go leor chun déileáil le riachtanais a bheidh ann amach anseo agus chun freagairt ar ghéarchéimeanna;

10. á chur i bhfios go láidir, go háirithe, i bhfianaise thionchar chostais EURI ar bhuiséad 2024, nach mór CAI athbhreithnithe, lena n-áirítear réiteach struchtúrach do EURI, a bheith i bhfeidhm faoin 1 Eanáir 2024;

11. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí.